# Idirghníomhaíocht Daoine & Bithóim na Foraoise Báistí Trópaicí sa Bhraisíl

## Dífhoraoisiú

20% do Fhoraois Bháistí Trópaiceach na hAmasóine leagtha le 40 bliain anuas.
Éileamh ar adhmad le haghaidh tógála (troscán, páipéar srl.). Is ionann tionsclaíocht adhmaid agus 3.5% d'olltáirge náisiúnta na Braisíle.
80% den dífhoraoisiú á dhéanamh go mídleathach.
Cailltear 30 milliún $m^3$ den fhoraois gach bliain.
Bhí an fhoraois bháistí ag clúdach 14% den dromchla, anois 6% den dromchla.
Beidh an fhoraois bháistí imithe laistigh de 40 bliain má leanann an dífhoraoisiú mar atá.

Feirmeoireacht leag & loisc ag cur isteach ar threibheanna duchasacha
- Spreagann polasaithe rialtais le feirmeoirí bochta conaí san fhoraois.
- Cead ag an suiteoir an talamh a úsáid ar feadh bliana.
- Tinte le fásra a bhaint.

Laghdú ar bhithéagsúlacht na foraoise
- Cuirtear deireadh le cinéalacha plandaí & ainmhithe: 137 saghas plandaí/ainmhithe á chailleadh gach lá.
- Tagann 25% d'ábhar cogasaíochta ón bhforaois bháistí, m.sh. aspairín.
- Gan scrúdú déanta ar 1% de phlandaí maidir lena n-úsáid i leigheas. Ábhar leighis & eolas á chailleadh againn.

Athrú Aeráide
- Stóras ollmhór na foraoise báistí le CO2 a thógáil isteach & 02 a chur amach.
- 15% de CO2 an domhain á ionsú ag foraois bháistí na hAmasóine.
- Dífhoraoisiú = 20% d'astaíochtaí CO2 an domhain.
- Cruthaíonn an Amasóin leath den bháisteach a thiteann ann trí imghalú, dífhoraoisiú = deireadh le foinse báistí = níos lú báistí mórthimpeall (timthriall uisce).

Creimeadh Ithreach & Neamhthorthúlacht
- Bacainní cosanta na gcrann i gcoinne báisteach throm. 0 Crann = Gan chosaint.
- Méadú ar ollghluaiseachtaí.
- Gan chothaithigh toisc nach bhfuil aon easair phlandaí ann.
- Láistear an ithir mar nach bhfuil cosaint aige = ithir chrua neamhthorthúil (Latairít).

## Dianfheirmeoireacht

Dianfheirmeoireacht = 34% de dhífhoraoisiú na foraoise báistí.

Feirmeoireacht Bó

- 80% de thalamh dífhoraoisithe = féarach do bha.
- Cheannaigh corparáidí ilnáisiúnta agus chruthaigh siad feirmeacha móra bó
- Borradh mór ó 1970aidí.
- An Bhraisíl = An tréad tráchtála is mó ar domhan & an t-easpórtalaí is mó mairtfheola ar domhan.

Barr Margaidh (m.sh. Pónaire Soighe)

- Cabhraíonn siad leis an rialtas fiacha idirnáisiúnta a íoc.
- Cuireann pónairí soighe go mór le fadhb an dífhoraoisithe. Cinéal nua forbartha ag eolaithe ina n-oireann aeráid na foraoise báistí trópaicí.
- Leagtar an fhoraois – úsáidte le haghaidh féaraigh ar feadh 2-3 bliana – ansin úsáidte le haghaidh pónairí soighe – bogann na feirmeoiri bó go talamh nua – breis dífhoraoisithe.

Easpa Caomhnaithe

- Scriosann an dianfheirmeoireacht an t-éiceachorás dúchasach (ainmhithe, plandaí).
- Tréigtear talamh go minic – talamh saor san Amasóin.
- Creimeadh ithreach – sil-leagan in aibhneacha – breis tuilte
- Easpa iarrachta caomhnaithe – ábhair thocsaineacha (mearcair, ciainíd) á n-úsáid & ag sreabhadh sna haibhneacha

## **<u>Forbairt na Tionsclaíochta</u>**

Is tír NIC is ea an Bhraisíl – méadú suntasach tagtha ar an tionsclaíocht.

Cumhacht hidrileictreach (HEP)

- 75% d'aibhléis na Brasaíle, níos lú ná 50% den chumhacht phoitéinsiúil HEP in úsáid.
- 48 stáisiún nua tógtha i 2020, 18 acu san Amasóin.
- Bundúchasaigh ina gcónaí ar an talamh, talamh á thoileadh, daoine ag bogadh (cultúr scriosta).
- Astaíochtaí CO2 & meatáin ón damba, Easpa crann le CO2 a ionsú.
- Loit damba an Tucuruí 2500km de bharr tuilte, chaill 8,000 duine a detach.

Fornéisí soinneáin/mianadóireacht

- 50 foirnéis soinneáin i gCarajás sa Bhraisíl.
- Déantar muciarann san fhoirnéis soinneáin, a úsáidtear i ndéantús cruach.
- Úsáidtear gualach sna foirnéisí soinneáin ó na crainn a leagtar & loisctear.
- Easpórtáiltear formhór an mhuciarainn chuid na Stáit Aontaithe le húsáid i ndéantús carr (m.sh, Ford, BMW, Nissan, Mercedes srl.)
- Sclábhaithe iad na hoibritheoirí a oibríonn do na comhlachtaí mídleathacha seo.
- Truailliú aeir & atmaisféir.

- De réir dlíthe na Braisíle, níl cead níos mó na 20% den fhoraois bháistí thrópaiceach a leagan. Déantar neamhord ar na dlíthe seo .. ¾ den fhoraois bháistí leagtha go dtí seo.
- Leagadh formhór na foraoise ó thosaigh táirgeadh an mhuciarainn sna 1980aidí.